

# Líonra bus arna dhearadh do thodhchaí Luimnigh.

## Fáilte chuig do Líonra Bus Nua

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

BUS CONNECTS LUIMNEACH
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

## Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann. Tá BusConnects san áireamh le Plean Forbartha Náisiúnta 2021 - 2030 an Rialtais agus le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

## Cad atá ag tarlú i Luimneach?

Is clár naoi mbeart é BusConnects Luimnigh chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar chóras bus Luimnigh. Beidh an clár ina chuidiú le huaillmhian Straitéis Iompair Cheantar Uirbeach Luimnigh / Shionainne a réadú, amhail úsáid iompair phoiblí a mhéadú go suntasach. Is cuid dhílis Athdhearadh an Líonra Bus de chlár BusConnects agus léiríonn sé an bunús le soghluaisteacht a athrú ó bhonn i gCeantar Uirbeach Luimnigh / Shionainne go ceann na mblianta le teacht.

## Cad é mar a chuirfear feabhas ar Chóras Bus Luimnigh?


1. **An Gréasán Bus a athdhearadh**
2. **Gréasán nua conairí bus agus lánaí rothar a thógáil**
3. **Córas ticéadaithe** úrscothach a chur chun feidhme
4. **Córas íocaíochta gan airgead** tirim a chur chun feidhme
5. **Struchtúr táillí níos simplí**
6. **Libhré nua bus**
7. **Stadanna agus scáthláin nua bus** a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu
8. **Láithreacha nua Páirceála agus Taistil** ag príomhláithreacha
9. Aistriú chuig **flít busanna astaíochtaí nialasacha**

## Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an líonra bus athdheartha?

- Méadú timpeall 70% ar sheirbhís bus ar tairiscint.
- Agaí feithimh níos giorra agus bealaí níos dírí do go leor daoine.
- Líonra agus sceidil níos simplí.
- Seirbhísí breise thar oíche agus ag an deireadh seachtaine.
- Beidh teacht ag an meán-chónaitheoir ar mhéadú 47% ar phoist ar thuras 30 nóiméad nó níos lú.
- Beidh teacht ag an meán-chónaitheoir ar mhéadú 30% ar phoist ar thuras 45 nóiméad nó níos lú.
- 10,000 duine níos mó agus 6,000 post níos mó gar do sheirbhís iompair phoiblí.




Ar an iomlán
**méadú 70% ar sheirbhísí bus.**




Rochtain níos fearr ar sheirbhísí bus.
**beidh méadú 46% ar dhaoine laistigh de 400m ó sheirbhís mhinic.**



**Líonra ardmhinicíochta a fhorbairt..**




**Líonra seacht lá sa tseachtain.**
Rithfidh gach bealach ar an Domhnach, ag minicíochtaí a bheidh inchurtha le laethanta seachtaine.

## Cén Chaoi ar Thángamar Anseo?

I Feabhra 2023 thionóil an ÚNI comhairliúchán poiblí maidir le dréacht-líonra bus nua do Luimneach. Thug sé sin an deis do phobal Luimnigh freagairt a dhéanamh ar an dréacht-líonra agus chun dearadh an líonra dheiridh a threorú. Fuarthas níos mó ná 650 freagra ar an gcomhairliúchán. Rinne na freagairtí sin dearadh an Líonra Bus Nua Dheiridh a threorú.

## Cad a tharlóidh anois?

Tá an ÚNI ag súil leis an Líonra Nua a chur i seirbhís ag tosú in 2025.
Mar chuid de BusConnects, tá obair á cur chun cinn ag an ÚNI ar na Conairí Iompair Inbhuanaithe lena bhfeabhsófar agaí taistil ar an líonra bus agus lena bhfeabhsófar naisc do choisithe agus do rothaithe. Cuirfear codanna eile de chlár BusConnects, amhail táillí níos simplí, i gcrích laistigh den líonra bus nua.

Chun féachaint ar Thuarascáil an Líonra Dheiridh agus chun an léarscáil idirghníomhach ar líne a úsáid, tabhair cuairt ar:


**https://busconnects.ie/limerick/**

## Ag bogadh thart le BusConnects Luimnigh.




### Gréasán Nua, uimhreacha nua.


Beidh uimhreacha bealaigh úrnua ag BusConnects.




Cad a chiallaíonn sé nuair a scoilteann dhá chraobh ar an léarscáil?

### Leanann na craobhacha bealaigh ar aghaidh ag minicíocht níos ísle.

### Táillí Simplithe.




Clúdóidh an táille seo gach turas bus agus iarnróid comaitéara a tosaíodh laistigh de thréimhse 90 nóiméad.

### Cén uair a athróidh an gréasán bus?

Tabharfar an gréasán nua bus isteach sa bhliain 2025. Mar sin, beidh go leor ama agat chun éirí cleachta le do bhealaí nua agus leis na huimhreacha bus nua.




# Bealaí bus i do cheantar áitiúil

| Bealach | Ó | Via | Go | Cé Chomh Minic |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Ospidéal Ollscoile Luimnigh | Bóthar Neasáin - Bóthar Abhainn Mhór -Ascaill Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta 'an Chorráin' - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar Childers - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt -Bóthar an Chorrbhaile | Áth Longfoirt | Gach 15 nóiméad |
| 1A | Ospidéal Ollscoile Luimnigh | Bóthar Neasáin - Bóthar Abhainn Mhór -Ascaill Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta 'an Chorráin' - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar Childers - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt -Bóthar an Chorrbhaile - Eastát Bhruach na Sionainne | Bruach na Sionainne | Gach 30 nóiméad |
| 1B | Ospidéal Ollscoile Luimnigh | Bóthar Neasáin - Ascaill Bhaile Choimín - Bóthar Abhainn Mhór - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta 'an Chorráin' - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar Childers - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt -Bóthar an Chorrbhaile - Ascaill Áth Longfoirt - Garrán Annavilla - Cluain Ioraird - Céide Crofton | Westbury | Gach 30 nóiméad |
| 2 | Maoilis | Seanbhóthar na Creatlaí - Sráid Uí Sheasnáin - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Sráid Mulgrave - Bóthar Childers - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar na Grúdan - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Áth an Mhuilinn - Ollscoil Luimnigh - Droichead na hOllscoile | Ollscoil Luimnigh - An Campas Thuaidh | Gach 15 nóiméad |
| 2A | Ionad Siopadóireachta Chuanach | Bóthar Dáileacháin Chuanach/Chnoc an Lisín - Seanbhóthar na Creatlaí - Sráid Uí Sheasnáin - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Sráid Mulgrave - Bóthar Childers - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar na Grúdan - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Áth an Mhuilinn - Ollscoil Luimnigh - Droichead na hOllscoile | Ollscoil Luimnigh - An Campas Thuaidh | Gach 30 nóiméad |
| 2B | Ionad Siopadóireachta Jetland | Bóthar Chluain Maicín - Bóthar Loch Dairbhreach - Céide Loch Síleann - Céide an Draighin - Ascaill na Sailí - Céide na Sceiche Gile - Seanbhóthar na Creatlaí - An Bóthar Ard - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Sráid Mulgrave - Bóthar Childers - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar na Grúdan - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Áth an Mhuilinn - Ollscoil Luimnigh - Droichead na hOllscoile | Ollscoil Luimnigh - An Campas Thuaidh | Gach 30 nóiméad |
| 3 | Ionad Siopadóireachta Chuanach | Bóthar Dáileacháin Chuanach/Chnoc an Lisín - Bóthar Ceangail Mhaigh Rois - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Chill Liaile - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Stáisiún Cholbaird - Bóthar Uí Chiara Uachtarach - Bóthar Bhaile an Róistigh - Bóthar Childers - Bóthar Ceangail Pháirc Sheáin Carew - Páirc Uí Mháille - Bóthar Chill Mocheallóg | An Baile Seoirseach | Gach 15 nóiméad |
| 4 | Séipéal Neasáin Naofa | Bóthar Neasáin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Lár na Cathrach - Cé Charlotte - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Pháirc Plassey - Ollscoil Luimnigh | Ollscoil Luimnigh | Gach 10 nóiméad |
| 4A | Eastát Tionscail an Ráithín | Eli Lilly - Ascaill an Locha Mhóir - Dell - Regeneron - Ascaill Chloch an Chéitinnigh/Ascaill Bhaile Choimín - Bóthar Neasáin - Bóthar Bhaile an Chora - Lár na Cathrach - Cé Charlotte - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Pháirc Plassey - Ollscoil Luimnigh - Bóthar Pháirc Plassey - Bóthar Chill Mhuire - Bóthar Choláiste Chaladh an Treoigh - Ros Caoin - Oifigí Chomhairle Contae Luimnigh - Bóthar Walker - Áth an Choite | Áth an Choite trí Bhóthar Choláiste Chaladh an Treoigh | Gach 20 nóiméad |
| 4B | Páirc Mhungairit | Coillte Mhungairit - Geata Mhungairit - R510 - Bóthar Neasáin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Lár na Cathrach - Cé Charlotte - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Pháirc Plassey - Ollscoil Luimnigh - Bóthar Pháirc Plassey - Bóthar Walker - Áth an Choite | Áth an Choite trí Bhóthar Pháirc Plassey | Gach 20 nóiméad |
| 5 | Ospidéal Ollscoile Luimnigh | Bóthar Neasáin - Bóthar an Athar Ruiséil - R510 - Bóthar an Duga - Áth na bhFuinseog - Ascaill na Cúirte Brice - Bóthar an Duga - Sráid Uí Chonaill - Bóthar an Oileáin | Páirc Mhuire | Gach 30 nóiméad |
| 6 | Ionad Siopadóireachta Chuanach | Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Plás na hArdeaglaise - Bóthar Gharraí Eoin - Bóthar Chlocháin Theas - Dún Chlocháin - Bóthar Phádraig - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar Childers - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar an Mhachaire Gailf - Bóthar Theach na Scoile - Bóthar Chill Mhuire - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Áth an Mhuilinn - Ollscoil Luimnigh | Ollscoil Luimnigh | Gach 30 nóiméad |
| 11 | Gairdíní an tSáirséalaigh | Bóthar Mhílic - Gairdíní an tSáirséalaigh - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Mhóin na mBráthar - Bóthar na Seanbhuaile - Ascaill Uí Ógáin - Ascaill Uí Cheallacháin - An Bóthar Ard - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Stáisiún Cholbaird | Cnoc na Radharc | Gach 60 nóiméad |
| 12 | Campas Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis | Ascaill Bhaile an tSrutháin - Bóthar Chluain Maicín - Bóthar Condell - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach | Stáisiún Cholbaird | Gach 60 nóiméad |
| 13 | Stáisiún Cholbaird | Lár na Cathrach - Sráid an Droichid - Sráid Áth Longfoirt - Crois Uí Chonchubhair - Crois na hAbhann Duibhe - Airde na Leathchoille | Ard na Croise trí Bhóthar an Chorrbhaile | Gach 60 nóiméad |
| 14 | Stáisiún Cholbaird | Lár na Cathrach - Droichead an tSáirséalaigh - Bóthar na hInse - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar Chill Liaile - An Pairtín - Crois Uí Chonchubhair - Crois na hAbhann Duibhe - Airde na Leathchoille | Ard na Croise trí Bhóthar Chill Liaile agus an Pairtín | Gach 60 nóiméad |

*Minicíocht meán lae léirithe sa tábla D'fhéadfadh seirbhísí a bheith níos minice le linn buaicuaireanta. Níos annaimhe ag an deireadh seachtaine/um thráthnóna.

# Léarscáil Líonra Luimnigh

- An dóigh a dtugann BusConnects tú chuig an áit ar mian leat dul.



# Léarscáil Líonra Chathair Luimnigh

- An dóigh a dtugann BusConnects tú chuig an áit ar mian leat dul.

